Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9466/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0035 (NLE)**

**RECH 247**
**ATO 32**
**COMPET 432**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8063/25 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 60 final; COM(2025) 60 annex |
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh na tréimhse 2026-2027 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle<br>– Glacadh |

1. An 28 Feabhra 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh na tréimhse 2026-2027 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle[1].

[1] 6646/25 + ADD 1.

2. Cuireann an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) teorainn 5 bliana, ar a mhéad, le fad na gclár taighde agus oiliúna sa réimse núicléach[2]. Dá bhrí sin, rachaidh Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh na tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach[3] in éag ag deireadh na bliana 2025. Tá sé d'aidhm ag an togra seo leanúnachas an chláir a áirithiú le haghaidh na tréimhse 2026-2027 ionas go mbeidh fad a thréimhse ailínithe le fad tréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil 2021-2027.

3. An 19 Márta 2025, chinn Coiste na mBuanionadaithe dul i gcomhairle, ar bhonn roghnach, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta maidir leis an togra.

4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 26 Márta 2025.

5. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi an 22 Bealtaine 2025.

6. Scrúdaigh an Mheitheal um Thaighde (Ceisteanna Adamhacha) an togra ag roinnt cruinnithe, thug sí isteach roinnt athruithe teoranta ar an togra ón gCoimisiún agus tháinig sí ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle, i gcuid 'A' de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Rialachán ón gComhairle maidir le Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le haghaidh na tréimhse 2026-2027 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe agus mar atá in 8401/25.

---

[2] Conradh Euratom, Airteagal 7.
[3] IO 167I, 12.5.2021, lch. 81.